Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7581/26**

**CDR 46**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste na Réigiún – Glacadh |

1. I litir uaidh an 18 Márta 2026[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh Thomas Eugen HABERMANN, comhalta de Choiste na Réigiún, ag éirí as oifig an 1 Bealtaine 2026.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 7534/26.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Thomas Eugen HABERMANN, mhol Rialtas na Gearmáine[2] Christoph SCHNAUDIGEL, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Landrat des Landkreises Karlsruhe* (Coimisinéir Dúiche Karlsruhe), mar chomhalta de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Bealtaine 2026 agus ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Is comhalta malartach de Choiste na Réigiún é Christoph SCHNAUDIGEL faoi láthair. Dá bhrí sin, tar éis dó a bheith ceaptha mar chomhalta, tiocfaidh suíochán comhalta mhalartaigh de Choiste na Réigiún chun bheith folamh freisin ón 1 Bealtaine 2026.

5. Chun an post a bheidh fágtha folamh ag Christoph SCHNAUDIGEL a líonadh, mhol Rialtas na Gearmáine Ina LAUKÖTTER, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Landrätin des Kreises Gütersloh* (Coimisinéir Dúiche Gütersloh), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 1 Bealtaine 2026 agus ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 7583/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 7447/26.